



SPORT  
IRELAND  
OUTDOORS

BEARTAS SPÓRT ÉIREANN UM

# SPÓRT AGUS UM GHNÍOMHAÍOCHT FHISICIÚIL LASMUIGH







Is é Spórt Éireann Gníomhaireacht an Stáit a bhíonn freagrach as forbairt inbhuanaithe an spóirt in Éirinn. Áirítear leis sin gach cineál gníomhaíochta fisiciúla a rannchuidíonn leis an gcorpacmhainn fhisiciúil, leis an bhfolláine mheabhrach agus leis an idirghníomhaíocht shóisialta, lena n-áirítear áineas spraoi/gníomhach, spórt eagraithe/iomaíoch, agus spóirt/cluichí neamhfhoirmiúla.<sup>1</sup>

Tá sé ina údar áthais do Spórt Éireann an beartas uailmhianach seo a chur i láthair, lena gcuirtear fíis Spórt Éireann in iúl don spóirt agus don ghníomhaíocht fhisiciúil lasmuigh. Leis an mbeartas, táthar ag cur lenár n-obair le blianta anuas san earnáil seo agus táthar ag leagan tosaíochtaí amach i gcomhair na mblianta atá amach romhainn. Is ionann é agus eilimint thábhachtach de Ráiteas Straitéise Spórt Éireann, rud a thacaíonn lenár gcolúin rannpháirtíochta agus fheidhmíochta go príomha. Tacaíonn sé lenár mbeartais a chur i ngníomh maidir le rannpháirtíocht sa spóirt ag daoine le míchumais agus ag mná sa spóirt freisin.

I ndeireadh na dála, táthar ag féachaint leis an mbeartas le deiseanna nua a chruthú go nglacfaidh tuilleadh daoine in Éirinn páirt i ngach cineál spóirt agus gníomhaíochta fisiciúla ar bhealach inbhuanaithe freagrach.

Aithníonn agus admhálann Spórt Éireann gurb iomaí gníomhaireacht agus eagraíocht atá ann ar compháirtithe iad, ar leibhéal náisiúnta agus áitiúil araon, a bhfuil ról tábhachtach le himirt acu chun torthaí an bheartais seo a ghnóthachtáil. Oibreoidh Spórt Éireann go cruthaitheach le gach páirtí leasmhar agus imreoidh ról láidir ceannaireachta san earnáil seo i gcaitheamh na mblianta atá amach romhainn.

# RAON FEIDHME AN BHEARTAIS

Leis an mbeartas seo, aithnítear agus spreagtar gach cineál spóirt agus gníomhaíochta fisiciúla lasmuigh dá ndéantar chun críocha sóisialta, áineasa nó iomaíocha. Chun críocha an bheartais seo, sainmhínítear an spórt agus gníomhaíocht fhisiciúil lasmuigh mar spórt agus gníomhaíochtaí áineasa lena mbaineann na tréithe seo a leanas:

Déantar i dtimpeallacht nádúrtha nó leathnádúrtha iad agus pléitear le gnéithe den dúlra mar chuid díobh

Bíonn a bhfréamhacha i dtimpeallacht nádúrtha ach déantar iad i suíomh saintógtha a dearadh chun an timpeallacht nádúrtha a mhacasamhlú - m.sh. Balla dreapadóireachta, áis a tógadh don chanúáil/cadhcaíl

Áirítear gníomhaíochtaí spóirt agus áineasa a tharlaíonn ar bhonneagar cosúil le conaí, glasbhealaí, raonta rothar, bruacha canálacha, bóithre, srl.

Ní áirítear leo spóirt agus áineas gníomhach a dhéantar ar pháirceanna a tógadh lena n-aghaidh (m.sh. peil, galf, rugbaí)

Is féidir leo a bheith i dtírdhreach uirbeach nó tuaithe

Feictear go mbaineann leibhéal éigean d'éileamh fisiciúil leo

Bíonn cumhacht an duine agus/nó gné den dúlra ríachtanach lena n-aghaidh

B'fhéidir go n-úsáidfead trealamh de chineál éigin mar chuid díobh m.sh. clár tonnmharcaíochta, rothar, scíonna, srl



Laistigh de chomhthéacs spóirt na hÉireann, tá líon suntasach spóirt lasmuigh a aithnítear<sup>2</sup> lena n-áirítear:

- Boghdóireacht
- Marcaíocht ar Chapall
- Slatiascaireacht
- Treodóireacht
- Dreapadóireacht
- Rith Áineasa/Conaire/Sléibhe
- Sléibhteoireacht
- Tonnmharcaíocht
- Canúáil/Cadhcáil
- Spóirt faoi Uisce
- Rámhaíocht
- Snámh (in áit nádúrtha sa dúlra)
- Seoltóireacht
- Trí-Atlan
- Gaothshurfáil
- Sciáil Uisce & Clársheoltóireacht Srutha
- Uaimheadóireacht
- Siúl & Fánaíocht
- Lámhach Crécholúr
- Rothaíocht (Gach Disciplín)

Ní liosta uileghabhálach é seo agus b'fhéidir go bhfuil spóirt eile ann nach bhfuil ina gComhlacht Rialaithe Náisiúnta ar féidir iad a mheas amach anseo.

# ÁR bhFÍS

Is é seo fís Spórt Éireann don spórt lasmuigh:

Deiseanna do chách chun páirt a ghlacadh sa spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil lasmuigh agus taitneamh a bhaint astu.





# COMHTHÉACS AN BHEARTAIS

Tá sé d'ádhdh orainn in Éirinn go bhfuil timpeallachtaí ardchaighdeáin againn a bhíonn inrochtana i gcoitinne i suíomhanna uirbeacha agus tuaithe araon a oireann don spórt agus don ghníomhaíocht fhisiciúil.

Tá fás ag teacht ar ár líonra de chonairí siúil agus rothaíochta, páirceanna foraoise agus suíomhanna áineasa, páirceanna náisiúnta agus áitiúla, limistéir shléibhe, uiscebhealaí intíre, tránna agus limistéir chósta, agus tairgeann siad uile deiseanna do dhaoine a bheith gníomhach lasmuigh.

Tugtar le fios i Monatóir Spóirt na hÉireann (MSÉ) go bhfuil leibhéal na spéise agus rátaí na rannpháirtíochta san iomaí spórt lasmuigh ag fás agus creideann Spórt Éireann go bhfuil scóip ann rannpháirtíocht a mhéadú tuilleadh i gcaitheamh na mblianta atá amach romhainn i ngach cineál spóirt agus gníomhaíochta fhisiciúla lasmuigh.





Tacaíonn an Beartas Spóirt Náisiúnta (2018 – 2027)<sup>3</sup> leis an dearcadh seo, agus aithnítear ann freisin an tábhacht a bhaineann leis an áineas lasmuigh ó thaobh na sláinte agus na folláine, agus díritear sa bheartas ar dhiseanna a fhorbairt don rannpháirtíocht sa spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil lasmuigh lena n-áirítear rith, siúl, rothaíocht agus caithimh aimsire eachtraíochta lasmuigh.

Tacaíonn an beartas seo le roinnt straitéisí agus beartas náisiúnta eile lena n-áirítear Tionscadal Éireann 2040<sup>4</sup>, Plean Náisiúnta Gníomhaíochta Fisiciúla d'Éirinn<sup>5</sup>, an Creat Náisiúnta um Pleanáil Mhuirí<sup>6</sup>, an Plean Náisiúnta Áineasa Tuaithe<sup>7</sup> agus an Plean Áineasa Lasmuigh i gcomhair Tailte agus Uisce Poiblí in Éirinn<sup>8</sup> agus fócas an rialtais ar an tsoghluasteacht inbhuanaithe agus ar an taisteal gníomhach<sup>9</sup>. Tacaíonn an beartas le hobair Fáilte Éireann freisin maidir le hÉirinn a fhorbairt mar cheann scríbe turasóireachta gníomhaíochta.

# CÉN FÁTH AN SPÓRT AGUS GNÍOMHAÍOCHT FHSICIÚIL LASMUIGH?

Tagann torthaí dearfacha de bharr rannpháirtíochta sa spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil lasmuigh ó thaobh na gníomhaíochta fhisiciúla agus trí bheith sa dúlra araon.<sup>10</sup>

Tá na tairbhí sóisialta, fhisiciúla agus sláinte a bhaineann le rannpháirtíocht sa spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil lasmuigh doiciméadaithe agus tuigte go maith.

Tarraingíodh aird le déanaí le fianaise, atá ag dul i méad<sup>11</sup>, ar na tairbhí breise suntasacha a bhaineann leis an spórt agus le gníomhaíocht fhisiciúil a dhéantar i suíomhanna nádúrtha lasmuigh, go háirithe i réimse na sláinte agus na folláine meabhrach.

Thángthas ar an gconclúid gur taispeánadh go ndéanann an spórt agus gníomhaíocht fhisiciúil lasmuigh na nithe seo a leanas:



Bíonn spórt agus gníomhaíochtaí fisiciúla lasmuigh inrochtana agus saor ag an bpointe úsáide de ghnáth. Is féidir le spóirt lasmuigh a bhíonn ar bun i limistéir uirbeacha tarlú i bpáirceanna, i spásanna glasa, aibhneacha, canálacha, agus i suíomhanna eile i limistéir uirbeacha. Is féidir breathnú ar spóirt lasmuigh mar sin mar dheis do chách lena mbaineann costas íseal chun páirt a ghlacadh iontu agus a bhíonn réasúnta inrochtana dóibh siúd as pobail atá díothach ó thaobh cúrsaí socheacnamaíochta.

Tugann taighde le fios freisin, maidir leo siúd a ghlacann páirt i spóirt áineasa lasmuigh agus a dhéanann amhlaidh minic go leor agus ar bhealach lena mbaineann déine leordhóthaineach chun dul chun tairbhe dá sláinte, gur dóichí go ndéanfaidh siad an ghníomhaíocht go rialta agus ar feadh an chúrsa saoil ar fad.<sup>12</sup>

Tá sé tábhachtach freisin aire a tharraingt ar na tairbhí suntasacha forbartha eacnamaíochta, pobail agus tuaithe a eascraíonn as daoine a bheith ag glacadh páirte sa spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil lasmuigh in Éirinn.




# MAR ATÁ CÚRSAÍ FAOI LÁTHAIR

## 1. Obair Reatha Spórt Éireann

Infheistíonn Spórt Éireann i roinnt clár agus tionscnamh trasna aonad difriúil laistigh den eagraíocht faoi láthair a thacaíonn le forbairt an spóirt agus na gníomhaíochta fisiciúla lasmuigh.

Áirítear leis seo:

- ag tacú le breis is 60 Comhlacht Rialaithe Náisiúnta (CRNanna), lena n-áirítear 19 CRN spóirt lasmuigh trí mhaoiniú bliantúil agus trí thionscnaimh chothaithe inniúlachta eile (Aonad CRN)
- ag tacú le 29 Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt chun pleanáil straitéiseach an spóirt a stiúradh ar leibhéal contae agus ag tacú le rannpháirtíocht mhéadaithe sa spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil trí chláir agus trí thionscnaimh a chomhordú i ngach contae (Aonad Rannpháirtíochta/CÁS)





- ag tacú le forbairt chonairí áineasa na hÉireann (conairí siúil & rothaíochta, glasbhealaí agus gormbhealaí) trí chaighdeáin cháilíochta a chur chun cinn, Clár Náisiúnta Conairí a chothabháil agus conairí a chur chun cinn trí shuíomh idirlín Spórt Éireann (Aonad Rannpháirtíochta/Lasmuigh)
- ag soláthar tacaí éagsúla forbartha agus oiliúna eagraíochtúla do chomhpháirtithe (Aonad um Fhorbairt agus Athrú Eagraíochta)
- ag obair i gcomhpháirtíocht le Ranna rialtais agus Gníomhaireachtaí Stáit chun beartais agus bonneagar a fhorbairt chun tacú leis an áineas lasmuigh (Aonad Lasmuigh)
- ag tacú le forbairt na gcaighdeán ceannaireachta agus cóitseála i spóirt lasmuigh tríd an gCreat Cáilíochta Spórt Eachtraíochta a riaradh agus a bhainistiú le gach CRN lasmuigh (Aonad Cóitseála)

- ag tacú leis an ionchuimsiú míchumais sa spórt trí bheith ag tacú le CRNanna míchumais, CARA agus leis an gClár Rannpháirtíochta sa Spórt do Dhaoine faoi Mhíchumas le béim shonrach ar an spórt lasmuigh (Aonad Rannpháirtíochta)
- ag tabhairt faoi thaighde ar threochtaí rannpháirtíochta sa spórt agus chun infheistíocht a threorú (Aonad Taighde)
- ag tacú le roinnt clár agus tionscnamh náisiúnta rannpháirtíochta cosúil leis an gClár Mná sa Spórt, an Tionscnamh Eachtraíochta Uirbí Lasmuigh agus Faigh Éire ag Siúl, Cuir Éire i mbun na Rothaíochta, Cuir Éire i mbun Reatha agus Cuir Éire i mbun Snámha (Aonad Rannpháirtíochta/Lasmuigh)
- ballraíocht ghníomhach i gComhairle na Tuaithe (Comhairle Chomhairleach Tuaithe), sa Ghrúpa Sábháilteachta do Chuartheoirí agus i líonraí eile don spórt lasmuigh (Aonad Lasmuigh)








Bhí fianaise shoiléir ann go n-imríonn rannpháirtíocht i spóirt lasmuigh éifeachtaí dearfacha suaithinseacha ar an tsláinte mheabhrach i gcoitinne, ar eispéiris maidir le caighdeán na beatha, ar an sonas agus ar an mbraistint sástachta sa saol – An Tionscadal BOSS 2019.<sup>13</sup>

## 2. Páirtithe Leasmhara

Bíonn ról le himirt ag go leor gníomhaireachtaí maidir le bheith ag éascú le forbairt an spóirt agus na gníomhaíochta fisiciúla lasmuigh in Éirinn. Bíonn feabhsú ar chomhordú, ar chomhshaothrú agus ar oibriú comhpháirtíochta idir gach eagraíocht laistigh den earnáil seo riachtanach go bhfíoródh an earnáil seo iomlán a poitéinsil.





- Coillte
- Fáilte Éireann
- Uiscebhealaí Éireann
- An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra
- Bord na Móna
- Eile

- An Roinn Meán, Turasóireachta, Ealaíon, Cultúr, Spóirt agus Gaeltachta
- An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail
- An Roinn Oideachais & Scileanna
- An Roinn Sláinte
- An Roinn Gníomhaíochta Aeráide, Líonraí Cumarsáide agus Iompair
- An Roinn Talamhaíochta, Bia agus Mara

- Líonra Eorpach na Spóirt Lasmuigh (ENOS)
- Líonra Áineasa Lasmuigh (ORN)
- Grúpaí Sábháilteachta do Chuariteoirí (VSG)
- Eile

- ETBI/OETC
- Seirbhísí Óige
- Gasóga na hÉireann
- Cumann na mBanóglaigh
- Eile

- Cumann Turasóireachta Eachtraíochta na hÉireann (*Irish Association for Adventure Tourism*)
- Eile

# SEASAMH AN BHEARTAIS

Achoimre is ea an méid seo a leanas ar sheasamh bheartas Spórt Éireann maidir le roinnt ábhar a bhaineann le spórt agus gníomhaíocht fhisiciúil lasmuigh.



### **Rannpháirtíocht:**

Is é Spórt Éireann a stiúrfaidh an obair le rannpháirtíocht a mhéadú, rannpháirtíocht shóisialta a chothú agus neamhionannas a laghdú sa spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil lasmuigh.

---

### **Feidhmíocht:**

Féachann Spórt Éireann le colún feidhmíochta spórt na hÉireann a chothú trí bheith ag tacú le forbairt Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta Spóirt, rannpháirtíocht shóisialta sa spórt a mhéadú agus trí bheith ag tacú leis an gcóitseáil agus le cláir forbraíochta i ngach cineál spóirt.

---

### **Spóirt dá dTugtar Tús Áite:**

Tabharfaidh Spórt Éireann tús áite do spóirt a bhfuil méadú ag teacht ar líon na ndaoine fásta a bhíonn ag dul ina dtreo, lena n áirítear snámh, rothaíocht, rith, caithimh aimsire eachtraíochta lasmuigh agus siúl áineasa.<sup>14</sup>

---

### **Pleanáil Straitéiseach:**

Tacaíonn Spórt Éireann le pleanáil straitéiseach an spóirt agus na gníomhaíochta fhisiciúla lasmuigh ar leibhéal chathrach/chontae, réigiúnach agus náisiúnta agus oibreoidh lena chinntiú go measfar agus go n-áireofar pleananna don spórt agus do ghníomhaíocht fhisiciúil lasmuigh i bPleananna Forbartha Spóirt Áitiúla agus Contae.

---

### **Áineas Lasmuigh ar Thailte agus ar Uisce Stáit:**

Oibríonn Spórt Éireann go straitéiseach le go leor Gníomhaireachtaí Stáit chun spórt agus gníomhaíocht fhisiciúil lasmuigh ar thailte agus ar uisce Stáit a spreagadh agus a chur chun cinn

---

### **Rochtain ar Áiteanna Lasmuigh:**

Tacaíonn Spórt Éireann leis an gcur chuige ceadaitheach rochtana atá molta ag Comhairle na Tuaithe<sup>15</sup> in Éirinn. Tá meas ag Spórt Éireann ar thacaíocht úinéirí talún (poiblí agus príobháideacha) maidir le gníomhaíochtaí spóirt agus áineasa a cheadú go dtarlóidh siad ar a dtailte.

### **Taighde agus Nuálaíocht:**

Aithníonn Spórt Éireann an tábhacht a bhaineann le bheith ag tabhairt faoi thaighde spriocdhírthe chun eolas a thabhairt dár gcuid oibre agus infheistíochta agus chun sin a threorú. Coinneoidimid cothrom le dáta leis na scothchleachtais agus eagraíochtaí idirnáisiúnta is fearr atá i mbun oibre sa réimse seo. Leanfaimid ar aghaidh freisin le bheith i mbun monatóireachta agus meastóireachta ar thionchar ár n-infheistíochtaí agus leis an nuálaíocht a spreagadh sa spórt.

---

### **Conairí Áineasa a Fhorbairt in Éirinn:**

Aithníonn Spórt Éireann na deiseanna a chruthaítear don spórt agus do ghníomhaíocht fhisiciúil lasmuigh trí chonairí áineasa a fhorbairt agus thacaigh le córas náisiúnta conairí a fhorbairt in Éirinn le 15 bliana anuas. Leanfaidh Spórt Éireann ar aghaidh le bheith ag forbairt conairí áineasa in Éirinn i gcaitheamh na mblianta atá amach romhainn trí Chlár Náisiúnta Conairí agus scéim árachais a chothabháil i gcomhair conairí agus caighdeáin cháilíochta agus dea-chleachtais a chur chun cinn ag an am céanna.

---

### **Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta:**

Aithníonn agus tacaíonn Spórt Éireann le breis is 60 Comhlacht Rialaithe Náisiúnta Spóirt (CRNanna) in Éirinn. Tá meas againn ar cheart gach CRN chun forbairt a spóirt faoi seach a eagrú agus a stiúradh. Leanfaidh Spórt Éireann ar aghaidh le bheith ag tacú le gach CRN, lena n-áirítear iad siúd a bhíonn freagrach as spóirt lasmuigh, chun cabhrú leo a spóirt a fhás agus a fhorbairt in Éirinn i gcaitheamh na mblianta atá amach romhainn.

---

### **Líonra Comhpháirtíochta Áitiúla Spóirt:**

Tacaíonn Spórt Éireann le líonra náisiúnta Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt (29) a bhfuil sé curtha de dhualgas orthu rátaí rannpháirtíochta a mhéadú sa spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil ina gcontaetha faoi seach. Comhordaíonn agus cuireann líonra na gCÁSanna meascán leathan de chlár agus de thionscnaimh rannpháirtíochta i ngníomh, bunaithe ar riachtanais chomhphobal áitiúil. Tacóidh Spórt Éireann le cláir agus le tionscnaimh áineasa lasmuigh a fhorbairt agus a chur i ngníomh trí na CÁSanna i caitheamh na mblianta atá amach romhainn agus tacóidh le dlúth-chomhshaothrú idir CÁSanna agus páirtithe leasmhara eile freisin.

### **Ionchuimsiú Míchumais sa Spórt:**

Tá rún daingean ag Spórt Éireann cóir chomhionann a thabhairt do dhaoine le míchumais maidir leis an spórt agus gníomhaíocht fhisiciúil lasmuigh. Cuirtear ár bprionsabail agus ár mbeartas a bhaineann le hionchuimsiú míchumais sa spórt in iúl i mBeartas Spórt Éireann maidir le Rannpháirtíocht sa Spórt ag Daoine le Míchumais.

---

### **Oideachas Físiciúil agus Spórt Lasmuigh:**

Tacóidh Spórt Éireann leis an Roinn Oideachais & Scileanna agus le comhpháirtithe eile oideachais le Snáithe Spóirt agus Eachtraíochta Lasmuigh an Churaclaim Chorpoidreachais a sheachadadh.

---

### **An Comhshaoil:**

Aithníonn Spórt Éireann go dtugtar faoi gach spórt lasmuigh i dtimpeallachtaí nádúrtha lasmuigh a gcaithfear meas agus cosaint a thabhairt dóibh. Aithníonn Spórt Éireann go bhfuil go leor suíomhanna lasmuigh ann lena mbaineann ainmniú tábhachtach ó thaobh an chomhshaoil de a chaithfear a chosaint. Comhpháirtí maoiniúcháin croílárnach is ea Spórt Éireann de chuid Leave No Trace Ireland agus spreagann sé gach comhlacht spóirt is duine a bhíonn an-tugtha do ghníomhaíochtaí lasmuigh chun cloí le heitic Leave No Trace agus chun í a chur chun cinn.

---

### **Turasóireacht Ghníomhaíochta:**

Aithníonn Spórt Éireann an tábhacht a bhaineann leis an turasóireacht ghníomhaíochta ó thaobh an mhéid a thairgtear le turasóireacht na hÉireann agus sonrúimid deiseanna chun comhshaothrú agus oibriú go straitéiseach le Fáilte Éireann chun cabhrú leis na hearnálacha turasóireachta ghníomhaíochta agus spóirt lasmuigh araon a fhorbairt.

---

### **Soláthraithe Tráchtála Lasmuigh:**

Féachfaidh Spórt Éireann ar bhealaí nua maidir le bheith ag oibriú i gcomhpháirtíocht le soláthraithe tráchtála lasmuigh.

# SPRIOC RÉIMSÍ

Aithníonn Spórt Éireann go dtiocfaidh rannpháirtíocht mhéadaithe sa spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil lasmuigh de bharr meascán gníomhartha lena n-áirítear ceannaireacht agus comhordú feabhsaithe agus éifeachtach idir eagraíochtaí chomh maith le hinfheictheacht mhéadaithe maidir le deiseanna le haghaidh spóirt agus gníomhaíochta fisiciúla lasmuigh, ag forbairt na hinniúlachta trasna na hearnála chun tacú le rannpháirtíocht, bonneagar ardchaighdeán lasmuigh a fhorbairt go leanúnach agus deiseanna forleathana do dhaoine chun páirt a ghlacadh i spóirt lasmuigh.

Tá spriocanna a bheartais ag Spórt Éireann forbartha timpeall ceithre spriocréimse.





## SPRIOC RÉIMSE

### Ceannaireacht a Sholáthar

## SPRIOC AN BHEARTAIS

- 1.1 Glacadh le cur chuige a bheidh bunaithe ar mhapáil na gcóras<sup>16</sup> chun tacú le spórt agus gníomhaíocht fhisiciúil lasmuigh a phleanáil, a fhorbairt agus a chur chun cinn le gach páirtí leasmhar.
- 1.2 Tacú le Ranna Rialtais agus Gníomhaireachtaí Stáit san obair le straitéisí agus beartais náisiúnta a fhorbairt chun tacú leis an spórt agus gníomhaíocht fhisiciúil i suíomhanna uirbeacha agus tuaithe lasmuigh.
- 1.3 Tras-chomhshaothrú agus oibriú comhpháirtíochta a stiúradh agus a chur chun cinn idir gach páirtí leasmhar as a dtiocfaidh deiseanna nua rannpháirtíochta.
- 1.4 Comhshaothrú agus rannchuidiú maidir le taighde agus taighde a scaipeadh chun infheistíocht a threorú agus tacú le forbairt fhoriomlán na hearnála.
- 1.5 An nuálaíocht sa spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil lasmuigh a stiúradh trí bheith ag tacú le smaointe agus cur chuigeanna nua trí shruthanna infheistíochta.
- 1.6 Infheictheacht agus próifíl earnáil na spóirt lasmuigh in Éirinn a mhéadú chomh maith le deiseanna rannpháirtíochta sna spóirt lasmuigh.

### Inniúlacht a Chothú

- 2.1 Leanúint ar aghaidh le bheith ag tacú le forbairt CRNanna agus iad ag forbairt, ag seachadadh agus ag cur a spórt chun cinn.
- 2.2 Tacú le Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt (CÁSanna) agus iad a chumhachtú go mbeidh siad ina n-urlabhraithe buntábhachtacha i bpleanáil, forbairt agus cur chun cinn straitéiseach an spóirt lasmuigh ar leibhéal áitiúil.
- 2.3 Tacú le heispéiris ardchaighdeáin agus le scothchleachtas a fhorbairt agus a chur chun cinn ar mhaithe le rannpháirtíocht shábháilte agus inbhuanaithe sa spórt lasmuigh.
- 2.4 Tacú le CRNanna agus soláthraithe chun oiliúint agus cáilíochtaí a sheachadadh a bheidh inrochtana do gach teagascóir, ceannaire agus cóitseálaí a éascaíonn le rannpháirtíocht agus forbairt i ngach spórt agus áineas gníomhach lasmuigh.<sup>17</sup>

| SPRIOC RÉIMSE                        | SPRIOC AN BHEARTAIS  |
|--------------------------------------|--|
| <p>Tacú le Bonneagar a Fhorbairt</p> | <p>3.1 Tacú le forbairt straitéiseach bhonneagair ardchaighdeán lasmuigh i suíomhanna tuaithe agus uirbeacha chun rannpháirtíocht mhéadaithe sa spórt agus i ngníomhaíocht a chumasú.</p> <p>3.2 Leanúint ar aghaidh le bheith ag tacú le conairí áineasa a fhorbairt in Éirinn trí chritéir cháilíochta agus scothchleachtais a chur chun cinn agus Clár Náisiúnta Conairí a chothabháil.</p> <p>3.3 Áiseanna agus seirbhísí feabhsaithe a chur chun cinn agus a spreagadh i suíomhanna lasmuigh do dhaoine le míchumais.</p> <p>3.4 Leanúint ar aghaidh le bheith ag forbairt Mhoil Spóirt an Phobail (Lasmuigh).</p>  |
| <p>Deiseanna a Chruthú</p>           | <p>4.1 Oibriú le gach comhpháirtí chun deiseanna nua a leathnú agus a fhorbairt do dhaoine chun idirghníomhú le agus páirt a ghlacadh sa spórt agus san áineas gníomhach lasmuigh.</p> <p>4.2 Deiseanna nua a spriocdhírú ar dhaoine a thagann as pobail faoi mhíbhuntáiste agus ar dhaoine le míchumais chun páirt a ghlacadh sa spórt agus san áineas gníomhach lasmuigh</p> <p>4.3 Tacú le Mná i dTionscnaimh Spóirt Lasmuigh</p> <p>4.4 Bonneagar áineasa nua agus reatha lasmuigh sa Stát a ghníomhachtú agus a chur chun cinn lena n-áirítear Conairí, Glasbhealaí, Páirceanna, Suíomhanna Áineasa Foraoise, Conairí Rothaíochta Sléibhe agus Gormbhealaí.</p> |

# NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

Sannfaidh Spórt Éireann acmhainní cuí chun na spriocanna a leagtar amach sa Bheartas seo a sheachadadh. Tá trí réimse chroílárnacha acmhainní ann – Daoine, Cláir agus Infheistíocht.

## Daoine

Cuirfidh Spórt Éireann an beartas seo i ngníomh i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí ar páirtithe leasmhara iad trí roinnt aonad oibriúcháin laistigh den eagraíocht lena n-áirítear an CRN, Cóitseáil, Rannpháirtíocht, Taighde, Cumarsáid agus Forbairt & Athrú Eagraíochta.

Cuirfead de chúram ar aonad Lasmuigh Spórt Éireann an obair, chun sin a chur i ngníomh, a chomhordú agus dul chun cinn a thuairisciú do Bhord Spórt Éireann.

## Cláir

Aithníonn Spórt Éireann inniúlacht na gCRNanna agus na gCÁSanna chun tionscnaimh a sheachadadh ach aithníonn freisin an poitéinseal do pháirtithe agus do ghníomhaireachtaí nua chun cláir agus tionscnaimh sa spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil lasmuigh a fhorbairt agus a sheachadadh. Chuige sin, féachfaidh Spórt Éireann ar agus tacóidh le cláir agus tionscnaimh nua a fhorbairt agus a chur i ngníomh le páirtithe reatha agus nua ar bhealach straitéiseach agus comhshaothrach.

## Infheistíocht

Leanfaidh Spórt Éireann ar aghaidh le bheith ag infheistiú i bhforbairt straitéiseach an spóirt lasmuigh i gcaitheamh na mblianta atá amach romhainn agus in obair chun an beartas seo a chur i ngníomh.



DAOINE



CLÁIR



INFHEISTÍOCHT

## FO-NÓTAÍ:

- 1 Acht Spóirt Éireann 2015
- 2 Spóirt a bhfuil Comhlacht Rialaithe Náisiúnta i bhfeidhm acu agus atá aitheanta ag Spóirt Éireann.
- 3 Gníomh 13, Beartas Náisiúnta Spóirt 2018 - 2027
- 4 <https://www.gov.ie/en/campaigns/09022006-project-ireland-2040/>
- 5 Roinn Sláinte
- 6 Roinn Tithíochta, Pleanála & Rialtais Áitiúil
- 7 Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail
- 8 [https://www.coillte.ie/media/2017/06/ORP\\_Screen.pdf](https://www.coillte.ie/media/2017/06/ORP_Screen.pdf)
- 9 Roinn Iompair, Turasóireachta & Spóirt
- 10 <https://outdoorsportsbenefits.eu/wp-content/uploads/2019/03/BOSS-Stage1-Summary-Report.pdf>
- 11 Donnelly A. A. & MacIntyre, T. E. (2019). Physical Activity in Natural Settings: Green and Blue Exercise (Eagarthóirí). Londain: Routledge. MacIntyre TE, Walkin AM, Beckmann J, Calogiuri G, Gritzka S, Oliver G, Donnelly AA agus Warrington G (2019) An Exploratory Study of Extreme Sport Athletes' Nature Interactions: From Well-Being to Pro-environmental Behavior.
- 12 Monatóir Spóirt na hÉireann 2007 - 2017
- 13 <https://outdoorsportsbenefits.eu/wp-content/uploads/2019/03/BOSS-Stage1-Summary-Report.pdf>
- 14 Gníomh 5 agus Gníomh 13, Beartas Náisiúnta Spóirt 2018 - 2027
- 15 <https://www.gov.ie/en/organisation-information/a66a3f-comhairle-na-tuaithe/>
- 16 <https://www.who.int/bulletin/volumes/97/2/18-220533.pdf>
- 17 <https://www.sportireland.ie/coaching/ngbs-lsps/cdpi>

## Sonraí an Ghrianghrafadóra:

David Branigan, Oceansport  
Gareth McCormack Photography  
John Shiels Action Photography  
Failte Ireland Content Pool









SPORT  
IRELAND  
OUTDOORS

[www.sportireland.ie](http://www.sportireland.ie)  
@sportireland